



## PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA

I réimsí nach bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach iontu, sainmhíniú prionsabal na coimhdeachta, a leagtar síos sa Chonradh ar an Aontas Eorpach, na dálaí ina bhfuil sé níos fearr go ndéanfaidh an tAontas, seachas na Ballstáit, beart.

### AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Prótacal (Uimh. 2) maidir le prionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

### CUSPÓIRÍ

Rialaíonn prionsabal na coimhdeachta agus prionsabal na comhréireachta feidhmiú inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh. I réimsí nach bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach iontu, féachann prionsabal na coimhdeachta le cumas na mBallstát chun cinntí a dhéanamh agus chun gníomhú a chosaint agus údaraíonn sé idirghabháil ón Aontas nuair nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí gníomhaíochta a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, ‘de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta arna beartú’. An cuspóir atá le tagairt don phrionsabal a chur i gConarthaí AE ná chun a áirithiú freisin go ndéantar cumhachtaí a fheidhmiú chomh gar do na saoránaigh agus is féidir, i gcomhréir le prionsabal na gaireachta dá dtagraítear in Airteagal 10(3) CAE.

### A BHFUIL BAINTE AMACH

#### A. Bunús agus stair

Cumhdaíodh prionsabal na coimhdeachta go foirmiúil i gConradh Maastricht, trínar cuireadh tagairt don phrionsabal sin sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (CCE). Bhí critéar coimhdeachta ionchorpraithe cheana féin i mbeartas comhshaoil san Ionstraim Eorpach Aonair (1987), ach mar sin féin gan tagairt a bheith déanta go sainráite dó. Ina breithiúnas an 21 Feabhra 1995 (T-29/92), rialaigh Cúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach nár phrionsabal ginearálta dlí é prionsabal na coimhdeachta, ar ar cheart dlíthiúlacht ghníomhaíocht an Chomhphobail a thástáil, sular tháinig CAE i bhfeidhm.

Gan aon athrú a dhéanamh ar fhoclaíocht na tagartha do phrionsabal na coimhdeachta in Airteagal 5 athuimhrithe, an dara mír, de Chonradh CE, chuir Conradh Amstardam “Prótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm” i gceangal le Conradh CE. Ar an gcaoi sin, tháinig an cur chuige coiteann



maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal na coimhdeachta a aontaíodh ag an gComhairle Eorpach i nDún Éideann in 1992 chun bheith ceangailteach ó thaobh an dlí de agus d'fhéadfaí é a chur faoi réir athbhreithniú breithiúnach tríd an bprótacal maidir le coimhdeacht.

Rinne Conradh Liospóin prionsabal na coimhdeachta a ionchorprú in Airteagal 5(3) CAE agus d'aisghairm sé an fhoráil chomhfhreagrach in CCE ach fós gur coinníodh an fhoclaíocht chéanna. Chuir sé tagairt shainráite don ghné réigiúnach agus áitiúil de phrionsabal na coimhdeachta leis freisin. Agus rud eile, chuir Conradh Liospóin prótacal nua den ainm céanna (Prótacal Uimh. 2) in ionad an phrótacail ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm a bhí ann ó 1997. An difear is mó eatarthu ná ról nua na bparlaimintí náisiúnta chun a áirithiú go ndéanfar prionsabal na coimhdeachta a chomhlíonadh ([1.3.5](#)).

## **B. Sainmhíniú**

Is é cuspóir ginearálta phrionsabal na coimhdeachta ná méid áirithe neamhspleáchas a ráthú d'údarás níos ísle os coinne comhlacht níos airde nó d'údarás áitiúil os coinne rialtas lárnach. Dá bhrí sin, baineann sé le comhroinnt chumhachtaí idir leibhéil éagsúla údaráis, prionsabal atá mar bhonn institiúideach do stáit chónaidhmeacha.

Nuair a chuirtear i bhfeidhm é i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh, fónann prionsabal na coimhdeachta chun feidhmiú chumhachtaí neamheisiacha an Aontais a rialáil. Toirmisceann sé an t-Aontas idirghabháil a dhéanamh nuair is féidir le Ballstáit dul i ngleic go héifeachtach le saincheist ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil agus ciallaíonn sé sin go bhfuil bonn cirt cuí ag an Aontas na cumhachtaí atá aige a fheidhmiú nuair nach féidir le Ballstáit cuspóirí gníomhaíochta atá beartaithe a ghnóthú go sásúil agus gur féidir luach breise a chur ar fáil má dhéantar an ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

Faoi Airteagal 5(3) CAE, tá trí réamhchoinníoll ann chun gur féidir le hinstiúidí an Aontais idirghabháil a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta: (a) ní thagann an réimse lena mbaineann sé faoi inniúlacht eisiach an Aontais (i.e. inniúlacht neamheisiach); (b) ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta atá beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach (i.e. gá); (c) dá bhrí sin, is féidir leis an Aontas, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, an ghníomhaíocht a chur chun feidhme ar bhealach níos rathúla (i.e. luach breise).

## **C. Raon feidhme**

### **1. Idirdealú inniúlachtaí an Aontais**

Is le réimsí ina bhfuil inniúlacht chomhroinnte idir an tAontas agus na Ballstáit amháin a bhaineann prionsabal na coimhdeachta. Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, rinneadh na hinniúlachtaí a tugadh don Aontas a leagan amach níos cruinne: Roinneann Cuid a hAon, Teideal I, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) inniúlachtaí an Aontais i dtrí chatagóir (eisiach, comhroinnte agus tacú) agus liostaíonn sé na réimsí atá cumhdaithe ag na trí chatagóir.

### **2. Mar a bhfuil sé i bhfeidhm**

Baineann prionsabal na coimhdeachta le hinstiúidí uile AE agus tá tábhacht phraiticiúil aige go háirithe do nósanna imeachta reachtacha. Neartaigh Conradh Liospóin ról na



bparlaimintí náisiúnta agus na Cúirte Breithiúnais araon chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta. Ní hamháin gur thug sé isteach tagairt shainráite don ghné fhonáisiúnta de phrionsabal na coimhdeachta, ach neartaigh sé freisin ról Choiste na Réigiún agus rinne sé indéanta é, de rogha na bparlaimintí náisiúnta, do pharlaimintí réigiúnacha le cumhachtaí reachtacha bheith páirteach sa sásra 'luathrabhaidh' *ex ante*.

#### D. Grinnscrúdú ó na parlaimintí náisiúnta

I gcomhréir leis an dara fohmír d'Airteagal 5(3) agus le hAirteagal 12(b) CAE, déanann na parlaimintí náisiúnta faireachán ar chomhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bPrótacal Uimh. 2. Faoi nós imeachta 'luathrabhaidh' *ex ante* dá dtagraítear thuas, féadfaidh aon pharlaimint náisiúnta nó aon seomra de chuid parlaiminte náisiúnta, laistigh d'ocht seachtaine ón dáta a gcuirfear dréachtghníomh reachtach ar aghaidh, tuairim réasúnaithe a chur chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán an Choimisiúin á rá cad chuige a measann sé nó sí nach gcomhlíonann an dréacht i gceist prionsabal na coimhdeachta. Más sheasann tuairimí réasúnaithe do ar a laghad an trian de na vótaí atá leithdháilte ar na parlaimintí náisiúnta (aon vóta amháin an seomra le haghaidh córas parlaiminteach dhá sheomra agus dhá vóta do chóras parlaiminteach aon seomra), caithfear an dréacht a athbhreithniú ('cárta buí'). Féadfaidh an institiúid a rinne an dréachtghníomh cinneadh a dhéanamh é a choinneáil, é a leasú nó é a tharraingt siar, agus cuirfidh sí iúl cén fáth ar ghlac sí an cinneadh sin. I gcás dréachtghníomhartha a bhaineann leis an gcomhar póilíneachta nó leis an gcomhar breithiúnaigh in ábhair choiriúla, tá an tairseach níos ísle (an ceathrú cuid de na vótaí). Más rud é, i gcomhthéacs an ghnáthnóis imeachta reachtaigh, go ndéanann ar a laghad tromlach simplí de na vótaí atá leithdháilte ar na parlaimintí náisiúnta agóid á rá nach bhfuil togra le haghaidh gníomh reachtach ag comhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta agus go gcinneann an Coimisiún a thogra a choimeád ar marthain, déanfar an t-ábhar a tharchur chuig an reachtóir (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle), a ghlacann cinneadh ar an gcéad léamh. Má tá an reachtóir den tuairim nach bhfuil an togra reachtach ag luí le prionsabal na coimhdeachta, féadfaidh sé é a dhiúltú faoi réir tromlach de 55% de chomhaltaí na Comhairle nó tromlach de na vótaí arna gcaitheamh i bParlaimint na hEorpa ('cárta flannbhuí').

Cuireadh an nós imeachta 'cárta buí' sa siúl trí huair go nuige seo, agus níor baineadh feidhm riamh as an nós imeachta 'cárta flannbhuí'. Eisíodh an chéad 'cárta buí' i mBealtaine 2012 i gcás [togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le feidhmiú an chirt chun comhghníomh a dhéanamh laistigh de chomhthéacs na saoirse bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar. \("Monti II"\)<sup>\[1\]</sup>. Mheas 12 pharlaimint náisiúnta nó seomra as 40 nach raibh ábhar an togra i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Ar deireadh, tharraing an Coimisiún a thogra siar, cé gur raibh an dearcadh aige nár sáraíodh prionsabal na coimhdeachta. D'eisigh 14 sheomra de pharlaimintí náisiúnta in 11 Bhallstát 'cárta buí' eile i nDeireadh Fómhair 2013 tar éis thíolacadh an \[togra le haghaidh rialachán maidir le bunú Oifig an\]\(#\)](#)

---

[1]Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle maidir le feidhmiú an chirt chun gníomhaíocht chomhchoiteann a ghlacadh laistigh de chomhthéacs na saoirse bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, (COM(2012)0130).



[lonchúisitheora Phoiblí Eorpaigh](#)<sup>[2]</sup>. Tar éis dó na tuairimí réasúnaithe a fuair sé ó na parlaimintí náisiúnta a scrúdú, chinn an Coimisiún an [togra a choimeád ar marthain](#)<sup>[3]</sup>. Mhaígh sé go raibh sé i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. I mBealtaine 2016, d'eisigh 14 sheomra in 11 Bhallstát tríú 'cárta buí' i gcoinne an [togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir maidir le hoibrithe a phostú](#)<sup>[4]</sup>. Thug an Coimisiún go leor [cúiseanna](#)<sup>[5]</sup> lena thogra a choimeád ar marthain, ós rud é gur nár sháraigh sé prionsabal na coimhdeachta. Mar is léir ón sainmhíniú, is saincheist trasnáisiúnta é postú oibrithe.

#### E. Athbhreithniú breithiúnach

Is féidir comhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta a athbhreithniú go cúlghabhálach (tar éis ghlacadh an ghnímh reachtaigh) trí bhíthin caingean dlí a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá sé sin luaite sa phrótocal freisin. Mar sin féin, tá lánrogha leathan ag institiúidí an Aontais maidir le conas mar a chuirtear an prionsabal seo i bhfeidhm. Ina breithiúnais sna Cásanna [C-84/94](#) agus [C-233/94](#), chinn an Chúirt go raibh comhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta ar cheann de na coinníollacha a chumhdaítear leis an gceanglas go luafar na cúiseanna atá le gníomhartha an Aontais, faoi Airteagal 296 CFAE. Comhlíontar an ceanglas sin má tá sé soiléir óna haithrisí a léamh go ndearnadh an prionsabal a chomhlíonadh. I mbreithiúnas a rinneadh le déanaí ([Cás C-547/14, Philipp Morris](#), mír 218), d'athdhearbhaigh an Chúirt nach mór di a fhíorú 'an raibh reachtóir an Aontais i dteideal a mheas, ar bhonn ráiteas mionsonraithe, an bhféadfaí cuspóir na gníomhaíochta atá beartaithe a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais'. Maidir le coimircí nós imeachta agus, go háirithe, an oibleagáid cúiseanna a shonrú maidir le coimhdeacht, mheabhraigh an Chúirt gur gá urramú na hoibleagáide sin "a mheasúnú ní hamháin trí thagairt d'fhoclaíocht an ghnímh a chonspóidtear, ach trí thagairt a dhéanamh freisin dá chomhthéacs agus d'imthosca an cháis i dtrácht" (mír 225).

Féadfaidh na Ballstáit caingne le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte i gcoinne gníomh reachtach ar bhonn sárú ar phrionsabal na coimhdeachta thar ceann a bparlaiminte náisiúnta nó seomra de chuid na parlaimintí sin, i gcomhréir lena gcóras dlí. Féadfaidh Coiste na Réigiún freisin caingne den chineál sin a thabhairt i gcoinne gníomhartha reachtacha má fhorálann CFAE gur gá dul i gcomhairle leis.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Parlaimint na hEorpa ba shiocair le coincheap na coimhdeachta agus, an 14 Feabhra 1984, tríd an dréacht-CAE a ghlacadh, mhol sí foráil á rá, i gcásanna inar thug an Conradh inniúlacht don Aontas a bhí ar comhchéim leis an inniúlacht a bhí ag

---

[2]Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le hOifig lonchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bhunú, ([COM\(2013\)0534](#)).

[3]Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig na Parlaimintí Náisiúnta maidir le hathbhreithniú ar an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le Oifig an lonchúisitheora Phoiblí Eorpaigh maidir le prionsabal na coimhdeachta, i gcomhréir le Prótocal Uimh. 2, ([COM\(2013\)0851](#)).

[4]Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, ([COM\(2016\)0128](#)).

[5]Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig na Parlaimintí Náisiúnta maidir le togra le haghaidh Treoir lena leasaítear an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú, maidir le prionsabal na coimhdeachta, i gcomhréir le Prótocal Uimh. 2, ([COM\(2016\)0505](#)).



na Ballstáit, go bhféadfadh na Ballstáit gníomhú mura raibh reachtaíocht a bhain go díreach leis sin glactha ag an Aontas. Ina theannta sin, leag sí béim air nár cheart don Chomhphobal gníomhú ach amháin chun na cúraimí sin a chur i gcrích a d'fhéadfaí a dhéanamh níos éifeachtaí i gcomhpháirt seachas ag stáit aonair ag gníomhú astu féin.

Leag an Pharlaimint béim arís ar na tograí sin i go leor rún (mar shampla iad siúd ón 23 Samhain agus 14 Nollaig 1989, 12 Iúil agus 21 Samhain 1990 agus 18 Bealtaine 1995), inar athdhearbhaigh sí a tacaíocht do phrionsabal na coimhdeachta.

#### **A. Comhaontuithe idirinstiúideacha**

Ghlac Parlaimint na hEorpa le sraith beart chun a ról faoi na Conarthaí a chomhlíonadh maidir le feidhmiú phrionsabal na coimhdeachta. De bhun Riail 42 de Rialacha Níos Imeachta na Parlaiminte 'le linn an scrúdaithe ar thogra le haghaidh gníomh reachtach, tabharfaidh an Pharlaimint aird ar leith ar urraim do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta'. Is é an Coiste um Ghnóthaí Dílíthiúla an coiste parlaiminteach ag a bhfuil freagracht chothrománach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta. Chuige sin, tarraingíonn sé suas go rialta tuarascáil maidir le tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir le coimhdeacht agus comhréireacht.

An 25 Deireadh Fómhair 1993, shínigh an Chomhairle, an Pharlaimint agus an Coimisiún comhaontú idirinstiúideach a léirigh go soiléir díograis na dtrí instiúid chun bearta deimhneacha sa réimse sin a ghlacadh. Gheall siad dá bhrí sin prionsabal na coimhdeachta a chomhlíonadh. Leis an gcomhaontú sin, leagtar síos trí bhíthin na nósanna imeachta lena rialaítear cur i bhfeidhm phrionsabal na coimhdeachta, socruithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí a thugann na Conarthaí d'instiúidí an Aontais, ionas gur féidir na cuspóirí dá bhforáiltear sna Conarthaí a bhaint amach. Gheall an Coimisiún prionsabal na coimhdeachta a chur san áireamh agus a thaispeáint go ndearnadh é á urramú. Is é an dála céanna é don Pharlaimint agus don Chomhairle, i gcomhthéacs na gcumhachtaí a thugtar dóibh.

Faoi théarmaí an [Chomhaontaithe Idirinstiúidigh maidir le 'Reachtóireacht Níos Fearr'](#) ó Aibreán 2016<sup>[6]</sup> (a ghlacann ionad Chomhaontú Mhí na Nollag 2003 agus an Chur Chuige Coiteann Idirinstiúideach maidir le Measúnuithe Tionchair ó Shamhain 2005), caithfidh an Coimisiún a mhíniú ina mheabhrán míniúcháin cad é an bonn cirt atá leis na bearta atá beartaithe i bhfianaise phrionsabal na coimhdeachta agus caithfidh sé é seo a chur san áireamh ina chuid measúnuithe tionchair. Ina theannta sin, agus [Creatchomhaontú 20 Samhain 2010](#)<sup>[7]</sup> á thabhairt i gcrích acu, gheall an Pharlaimint agus an Coimisiún go n-oibreoidís i gcomhar leis na parlaimintí náisiúnta d'fhonn éascú a dhéanamh ar fheidhmiú na cumhachta ag na parlaimintí sin a mhéid a bhaineann lena gcumhacht féin chun grinnscrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta.

---

[6]Comhaontú Idirinstiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, IO L 123, 12.5.2016, Ith. 1.

[7]Creat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach, IO L 304, 20.11.2010, Ith. 47.



## B. Rúin ó Pharlaimint na hEorpa

Ina [rún an 13 Bealtaine 1997](#)<sup>[8]</sup>, shoiléirigh an Pharlaimint a tuairim gur prionsabal dlí atá ceangailteach é prionsabal na coimhdeachta ach chuir sí in iúl nár cheart dá chur chun feidhme a bheith mar bhac ar AE a inniúlacht eisiach a fheidhmiú, ná nár cheart feidhm a bhaint as mar leithscéal chun amhras a chaitheamh ar an *acquis communautaire*. Ina [rún an 8 Aibreán 2003](#)<sup>[9]</sup>, chuir an Pharlaimint leis á rá gurbh fhearr dá bhféadfaí díospóidí a réiteach ar an leibhéal polaitiúil, ach ag an am céanna go gcuirfí san áireamh na moltaí a rinne an Coinbhinsiún ar Thodhchaí na hEorpa maidir le bunú sásra “luathrabhaidh” i réimse na coimhdeachta ag na parlaimintí náisiúnta. Cuireadh an sásra seo isteach i gConradh Liospóin go deimhin (féach thuas agus [1.3.5](#)).

Ina [rún an 13 Meán Fómhair 2012](#)<sup>[10]</sup>, chuir an Pharlaimint fáilte roimh rannpháirteachas níos dlúithe na bparlaimintí náisiúnta i ngrinnscrúdú a dhéanamh ar na tograí reachtacha i bhfianaise phrionsabal na coimhdeachta agus phrionsabal na comhréireachta agus mhol sí gur cheart scrúdú a dhéanamh ar aon slite chun baic ar rannpháirtíocht na bparlaimintí náisiúnta i sásra rialaithe na coimhdeachta a mhaolú.

Ina [rún is déanaí an 18 Aibreán 2018](#)<sup>[11]</sup>, thug an Pharlaimint faoi deara an méadú tobann atá tagtha ar líon na dtuairimí réasúnaithe arna gcur isteach ag na parlaimintí náisiúnta, a léiríonn an bhaint níos mó atá acu le próiseas cinnteoireachta an Aontais. Chomh maith leis sin, d’fháiltigh sí roimh an tsuim atá ag na parlaimintí náisiúnta i dtaca le ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh trí fheidhm a bhaint as nós imeachta ‘cárta uaine’. I ndáil leis an méid sin, mhol sí an leas is mó a bhaint as na huirlisí atá ann cheana agus a chuireann ar chumas na bparlaimintí náisiúnta a bheith rannpháirteach sa phróiseas reachtach gan struchtúir nua institiúideacha agus riaracháin a chruthú.

Roberta Panizza  
04/2019

---

[8]Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle Eorpach – ‘Reachtóireacht Níos Fearr 1997’, IO C 98, 9.4.1999, Ich. 500.

[9]Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle Eorpach maidir le reachtóireacht níos fearr 2000 (de bhun Airteagal 9 den Phrótacal a ghabhann le Conradh CE maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm) agus i ndáil leis an tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle Eorpach maidir le reachtóireacht níos fearr 2001 (de bhun Airteagal 9 den Phrótacal a ghabhann le Conradh CE maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm), IO C 64 E, 12.3.2004, Ich. 135.

[10]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2012 maidir leis an 18ú tuarascáil ar reachtaíocht Níos Fearr - Cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta (2010), IO C 353E , 3.12.2013, Ich. 117.

[11]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Aibreán 2018 maidir le Tuarascálacha Bliantúla 2015-2016 maidir le coimhdeacht agus comhréireacht, Téacsanna a ghlacadh, [P8\\_TA\(2018\)0120](#).

